Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Feabhra 2020**
**(OR. en)**

**6132/20**

**ECOFIN 89**
**UEM 27**
**SOC 57**
**EMPL 44**
**COMPET 48**
**ENV 90**
**EDUC 37**
**RECH 38**
**ENER 32**
**JAI 125**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 18 Feabhra 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5819/20 |
| Ábhar: | Seimeastar Eorpach 2020: Straitéis Bhliantúil maidir le Fás Inbhuanaithe 2020<br>– Conclúidí ó Chomhairle ECOFIN an 18 Feabhra 2020 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na dréachtchonclúidí ón gComhairle i ndáil leis an Straitéis Bhliantúil maidir le Fás Inbhuanaithe 2020, a ghlac an Chomhairle ag an 3749ú cruinniú a bhí aici an 18 Feabhra 2020.

**SEIMEASTAR EORPACH 2020:**
**STRAITÉIS BHLIANTÚIL MAIDIR LE FÁS INBHUANAITHE 2020**

– Conclúidí ó Chomhairle ECOFIN –

Fógraíonn an Chomhairle (ECOFIN) an méid seo a leanas:

**ATREORÚ AR SHEIMEASTAR EORPACH 2020**

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Straitéis Bhliantúil maidir le Fás Inbhuanaithe (ASGS) nua an Choimisiúin, ina leagtar amach tosaíochtaí beartais atá dírithe ar inbhuaine iomaíoch, agus arb í túsphointe Sheimeastar Eorpach 2020.

2. AONTAÍONN SÍ, A BHEAG NÓ A MHÓR, le hanailís an Choimisiúin maidir leis na tosaíochtaí ar cheart iarrachtaí beartais náisiúnta agus iarrachtaí beartais ar leibhéal an Aontais a dhíriú orthu, is iad sin, inbhuaine comhshaoil, gnóthachain táirgiúlachta, cothroime agus cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le hinfheistíocht ar ardcháilíocht a chur chun cinn, le hathchóirithe struchtúracha uaillmhianacha a chur chun feidhme, agus le hairgeadas poiblí fónta a áirithiú sna Ballstáit uile.

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE intinn an Choimisiúin gur cheart go mbeadh an "Comhaontú Glas don Eoraip" ina straitéis nua fáis ag an Eoraip agus déanfaidh sí measúnú críochnúil ar na moltaí éagsúla a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún nuair a thíolacfar í. AONTAÍONN SÍ lena thuairim go gcaithfear, leis an gclár oibre eacnamaíoch nua seo, an tAontas a chlaochlú ina gheilleagar inbhuanaithe agus aeráidneodrach.

4. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart an Seimeastar Eorpach a choimeád dírithe ar a chuspóir mar phríomhuirlis rialachais eacnamaíoch na hEorpa chun an chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus an fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn agus tacú ag an am céanna leis an aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach.

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE intinn an Choimisiúin cuspóirí Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chomhtháthú sa Seimeastar Eorpach. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, áfach, gur cheart an méid sin a bhaint amach ar bhealach nach gcuirfeadh ualach rómhór ar an Seimeastar Eorpach. MOLANN SÍ don Choimisiún teacht ar mholtaí soiléire faoin gcaoi ar féidir an méid sin a bhaint amach.

## IONCHAS EACNAMAÍOCH NA hEORPA

6. AONTAÍONN SÍ LE meas an Choimisiúin go leanfaidh an geilleagar de bheith ag leathnú in 2020 agus 2021. Tá lagú tagtha ar na hionchais fáis agus tá rioscaí ar an taobh thíos fós ann ach nach bhfuil siad chomh léir sin anois is a bhí. Tá margaí an tsaothair láidir i gcónaí i bhformhór na mBallstát, tá an dífhostaíocht fós ag titim, cé go bhfuil an titim sin níos moille ná mar a bhí, agus táthar ag tuar go dtiocfaidh moilliú breise ar an bhfás fostaíochta agus nach dtiocfaidh ach fás mall ar fhíorphá. Tá ionchais fáis dhomhanda íogair agus tá tionchar diúltach á imirt ag an éiginnteacht ar chinntí maidir le hinfheistíocht. Tá baol ann go mbeidh tréimhse fhada d'fhás íseal agus de bhoilsciú íseal de thoradh ar tháirgiúlacht íseal agus an daonra a bheith ag dul in aois.

### COBHSAÍOCHT MHAICREACNAMAÍOCH

7. MEASANN SÍ go bhfuil sé tábhachtach beartais a shaothrú ar bhealach ina dtugtar lánurraim don Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus tacaíocht a thabhairt d'infheistíocht phoiblí agus phríobháideach agus feabhas a chur ar cháilíocht agus ar chomhdhéanamh an airgeadais phoiblí agus gur réamhchoinníoll i gcónaí é an t-airgeadas poiblí a bheith fónta agus inbhuanaithe chun athléimneacht i ndáil le suaití sa todhchaí a áirithiú agus chun an claochlú eacnamaíoch i dtreo na haeráidneodrachta a éascú. AITHNÍONN SÍ gur cheart do na Ballstáit beartais a shaothrú lena dtacófar le hinfheistíocht a éascóidh an claochlú eacnamaíoch i dtreo na haeráidneodrachta, agus inbhuaine fhadtéarmach an airgeadais phoiblí á caomhnú ag an am céanna.

8. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart do na Ballstáit a bhfuil leibhéil arda fiachais acu beartais stuama a shaothrú chun an fiachas poiblí sin a chur le fána ar bhealach inbhuanaithe agus inchreidte. AONTAÍONN SÍ gur cheart do na Ballstáit atá i staid fhioscach fhabhrach tairbhe a bhaint as an staid sin chun borradh a chur faoi infheistíochtaí ar ardcháilíocht, agus inbhuaine fhadtéarmach an airgeadais phoiblí á caomhnú ag an am céanna.

9. AONTAÍONN SÍ gur cheart idirdhealú a dhéanamh idir na freagairtí fioscacha, lena ndíreofaí ar sheasamh níos tacúla, dá dtarlódh rioscaí ar an taobh thíos, agus urraim iomlán don Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis á háirithiú ag an am céanna. Ba cheart cúinsí tírshonracha a chur san áireamh agus ba cheart comhchiogalacht a sheachaint, a mhéid is féidir. Déanann na Ballstáit a mbeartais eacnamaíocha a chomhordú laistigh den Chomhairle.

10. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil sé ríthábhachtach cáilíocht agus comhdhéanamh an airgeadais phoiblí a fheabhsú chun feabhas a chur ar an inbhuaine fhioscach agus chun an acmhainneacht fáis a neartú. Ó thaobh an ioncaim de, ba cheart go dtacódh cánacha leis an aistriú go geilleagar glas, ba cheart go mbeadh siad níos córa agus iad a aistriú go foinsí nach bhfuil chomh díobhálach don fhás. Ó thaobh an chaiteachais de, ba cheart athbhreithnithe caiteachais a dhéanamh chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht caiteachais rialtais a chur chun cinn. AONTAÍONN SÍ go bhfuil ríthábhacht le hinfheistíochtaí a thacaíonn leis an aistriú go geilleagar aeráidneodrach agus digiteach. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfaí, dá mbainfí úsáid as uirlisí buiséadaithe glasa, cabhrú le caiteachais lena dtacaítear leis an aistriú go geilleagar aeráidneodrach a aithint.

11. AONTAÍONN SÍ le measúnú an Choimisiúin go bhfuil feabhas leanúnach fós ag teacht ar athléimneacht na hearnála airgeadais san Aontas ach gur gá í a neartú a thuilleadh trí dhul chun cinn a dhéanamh maidir le doimhniú an aontais baincéireachta agus aontas na margaí caipitil.

**INBHUAINE COMHSHAOIL**

12. IS DÍOL SÁSAIMH DI an fócas breise ar inbhuaine comhshaoil sa Straitéis Bhliantúil maidir le Fás Inbhuanaithe (ASGS) agus gur cheart don Aontas a bheith ina cheann feadhna san aistriú chuig ilchríoch a bheidh aeráidneodrach agus báúil leis an dúlra faoi 2050.

13. AONTAÍONN SÍ go dtugann an Seimeastar Eorpach creat seanbhunaithe chun na beartais eacnamaíocha agus fostaíochta a chomhordú, beartais atá ag teastáil chun an tAontas a threorú i dtreo geilleagar aeráidneodrach agus iomaíoch agus chun na Ballstáit a threorú trí na claochluithe sin. Féadfar treoir shonrach a chur ar fáil leis an Seimeastar Eorpach do na Ballstáit maidir leis na cásanna ina bhfuil athchóirithe struchtúracha agus infheistíocht ar ardcháilíocht de dhíth chun an Eoraip a bhogadh i dtreo samhail eacnamaíoch a bheidh níos inbhuanaithe agus níos iomaíche agus lena bhféadfaí cabhrú leis na Ballstáit comhbhabhtálacha ríthábhachtacha a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

14. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil claochlú suntasach ar an ngeilleagar riachtanach chun an t-aistriú chuig aeráidneodracht a dhéanamh. Gabhfaidh costais eacnamaíocha agus eile leis na hathruithe seo ach is deis shuntasach iad freisin chun stoc caipitil gheilleagar an Aontais a nuachóiriú, an t-iomaíochas a athsheoladh ar bhealach inbhuanaithe, infheistiú i ndaoine agus ina gcuid scileanna, agus an cóineasú a mhéadú. Beidh gá le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach mhór chun cuspóir an Aontais a bhaint amach maidir leis an aistriú i dtreo geilleagar aeráidneodrach.

15. AITHNÍONN SÍ na túsphointí éagsúla agus na riachtanais éagsúla atá ag earnálacha, réigiúin agus Ballstáit áirithe don aistriú seo. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcaithfidh an t-aistriú seo a bheith cuimsitheach agus freagrach go sóisialta agus go gcaithfear ionchais fostaíochta tharraingteacha agus deiseanna athscilithe a thabhairt do shaoránaigh. CUIREANN SÍ I dTREIS nach féidir an t-aistriú seo a sheachadadh ach amháin i gcomhpháirtíocht iomlán leis na Ballstáit uile agus le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus leis an tsochaí shibhialta chomh maith. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, i bhfianaise an mhéid sin, an moladh ón gCoimisiún maidir le sásra um aistriú cóir, moladh a scrúdóidh an Chomhairle.

**FÁS TÁIRGIÚLACHTA**

16. IS DÍOL SÁSAIMH DI an fócas leanúnach sa Straitéis Bhliantúil maidir le Fás Inbhuanaithe (ASGS) ar athchóirithe chun feabhas a chur ar tháirgiúlacht. I gcomhthéacs aosú an daonra agus na srianta ar acmhainní a bheith ag éirí níos ceangailtí, beidh aon fhás sa todhchaí san Eoraip ag brath go mór ar tháirgiúlacht, éifeachtúlacht agus nuálaíocht níos airde a bheith ann, ach is amhlaidh go bhfuil an fás ar tháirgiúlacht fós go mór faoi bhun leibhéal na ngníomhaithe domhanda eile.

17. Ní mór tacú leis an bhfás agus leis an táirgiúlacht trí mhargaí iomaíocha agus éifeachtúla agus trí athchóirithe struchtúracha lena gcumasófar comhar trasteorann, fás gnó agus lena mbainfear scrogaill sa timpeallacht ghnó. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR ARÍS go gcuirfidh neartú mhargadh aonair an Aontais uirlis thábhachtach ar fáil le haghaidh fás táirgiúlachta agus go nginfeadh sé iliomad deiseanna chun an trádáil a leathnú, poist a chruthú agus borradh a chur faoin bhfás. Tá, áfach, an dul chun cinn leis an margadh aonair éagothrom agus tá gá le tuilleadh oibre maidir le saorshreabhadh seirbhísí, an margadh aonair digiteach, an t-aontas baincéireachta, aontas na margaí caipitil agus an t-aontas fuinnimh.

18. AONTAÍONN SÍ leis an measúnú go bhfuil taighde agus nuálaíocht agus infheistíocht i dteicneolaíochtaí digiteacha agus san oideachas agus i bhforbairt scileanna ríthábhachtach le haghaidh geilleagar a bheidh níos táirgiúla agus níos glaise.

**AN CHÓIR**

19. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá margadh láidir, éifeachtúil le dálaí oibre córa do chách. Chun na dálaí sin a chur chun cinn tá gá le hinfheistíocht i scileanna, le córais cosanta sóisialta atá leordhóthanach agus inbhuanaithe agus leis an uile shaghas eisiaimh a chomhrac.

20. AITHNÍONN SÍ go gcaithfear, leis na cáinchórais agus na córais sochar náisiúnta, dreasachtaí a chur ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, an chóir agus trédhearcacht a ráthú agus inbhuaine airgeadais agus leordhóthanacht na gcóras leasa sóisialta a áirithiú. Ba cheart go n-áiritheofaí ioncam leordhóthanach le haghaidh infheistíocht phoiblí, oideachais, cúram sláinte agus córas leasa shóisialta a bheadh éifeachtúil, inbhuanaithe agus leordhóthanach le cáinchórais freisin, go ráthófaí comhroinnt dualgas chóir agus go seachnófaí saobhadh iomaíochta idir gnólachtaí. Chuige sin, tá sé ríthábhachtach go leanfar den chomhrac i gcoinne cleachtais maidir le pleanáil ionsaitheach cánach agus go mbrúfar cánachas cothrom ar chuideachtaí domhandaithe.

21. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil cur chun feidhme an athchóirithe fós éagothrom ar fud an Aontais agus gur gá anois dul chun cinn cinntitheach a dhéanamh trí athchóirithe náisiúnta a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí práinneacha eacnamaíocha agus sóisialta a leagtar béim orthu sa Straitéis Bhliantúil maidir le Fás Inbhuanaithe (ASGS). I bhfianaise na dtosca uile thuas, IARRANN SÍ ar na Ballstáit leas a bhaint as na cúinsí eacnamaíocha atá fós cuibheasach fabhrach chun brú ar aghaidh le hathchóirithe struchtúracha.